DRÉACHTPHLEAN FORBARTHA CONTAE CHIARRAÍ 2022-2028

CAIBIDIL 5

TITHÍOCHT NA TUAITHE

5.0 Tithíocht na Tuaithe
5.1 Réamhrá
5.2 Comhthéacs Polasaí
5.2.1 Polasaí Náisiúnta
5.2.2 Polasaí Réigiúnach
5.2.3 Forbairt na Tuaithe agus Athrú Aeráide
5.3 Pleanáil do Cheantair Thuaithe idir Fás agus Forbairt sa Todhchaí
5.4 Forbairtí Cloigíní i Sráidbhailte agus Lonnaíochtaí
5.5 Tithíocht na Tuaithe
5.5.1 Saghsanna Ceantar Tuaithe a aithint
5.5.1.1 Ceantair Thuaithe faoi Thionchar Suntasach Uirbeach
5.5.1.2 Ceantair Thuaithe faoi Thionchar Uirbeach
5.5.1.3 Ceantair Eile Tuaithe
5.5.2 Polasaí Lonnaíochta Tuaithe
5.5.2.1 Coinníoll Sealbhaithe agus Comhaontú Alt 47
5.6 Stoc Tithíochta agus Acmhainn/Easnamh
5.7 Tithe Saoire / Dara Tithe
5.8 Athnuachan agus Athchóiriú ar Fhoirgnimh atá ann agus Foirgnimh Fholmha i gCeantair Thuaithe

5.0 Tithíocht na Tuaithe

5.1 Réamhrá

Sa chaibidil seo leagtar amach na polasaithe agus prionsabail ghinearálta don soláthar tithíochta faoin dtuath i gContae Chiarraí. Aithníonn an Chomhairle go mbíonn gá le cur chuige iomlánaíoch agus plean a aithníonn an gaol feidhmiúil idir na lonnaíochtaí agus na dúichí máguaird. Gné lárnach den phlean seo is ea ár n-acmhainní tuaithe a bhainistiú go cúramach lena cinntiú go gcosnaítear iad is go leanfar den tacaíocht do na pobail a bhíonn ag brath orthu. Cinntíonn na polasaithe agus cuspóirí a luaitear sa chaibidil seo go n-aithnítear gá tithíochta na bpobal tuaithe, a mbíonn riachtanais difriúla acu seachas mar a mbíonn sna ceantair uirbeacha, agus go bhfeidhmítear polasaithe a chinnteoidh go mbeidh sórt agus scála na bhforbairtí tuaithe suite go hoiriúnach agus in ann freastal ar phobail na tuaithe mar is cóir.

Bíonn réimse leathan in úsáid na talún mar thalmhaíocht, ionaid a tháirgeann bia, gníomhaíochtaí caithimh aimsire is turasóireachta, sráidbhailte seanbhunaithe agus tithíocht na tuaithe. Cuirtear le chéile sna gníomhaíochtaí úd chun comhshaol den scoth a sholáthar d'áitritheoirí agus cuairteoirí idir áit cónaithe, obair agus caitheamh aimsire.

Cuireann na ceantair thuaithe go mór le haitheantas Chiarraí agus le forbairt eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha agus comhshaoil. Is sna ceantair thuaithe atá an-chuid acmhainní nádúrtha Chiarraí mar thírdhreach álainn, bithéagasúlacht, cáilíochtaí comhshaoil agus cuirtear go mór ar shlí uathúil le cultúr an Chontae.

Sna ceantair thuaithe freisin dírítear ar ghníomhaíochtaí oibre agus fóillíochta mar bhia na talún agus an earnáil turasóireachta. Bhí mórán dúshlán roimh Chiarraí le blianta beaga anuas, mar shampla tionscail agus fostaíocht traidisiúnta a chailliúint, imirce agus ceangailteacht gan a bheith foirfe. Chuir an teicneolaíocht nua go mór le ceangailteacht bonneagair agus bhí deiseanna ar obair sa bhaile in earnála nua fostaíochta. Bhíothas in ann tógaint ar dhul chun cinn déanta ag comhlachtaí idir Éireannach agus iasachta chun tacú le fostaíocht sna ceantair thuaithe.

Is trí thalmhaíocht don chuid is mó a úsáidtear an talamh sa Chontae agus thart ar 226,000 heachtár faoin fheirmeoireacht. Is fíor, áfach, de réir Daonáireamh 2016, nach bhfuil ach 8% de phobal Chiarraí ag baint leas as na hearnála mar Thalmhaíocht, Foraoiseacht agus Iascaireacht. Toisc an líon íseal fostaithe sa talmhaíocht, aithnítear go gcaithfear éagsúlacht sa bhfeirmeoireacht a chur cinn agus deiseanna fostaíochta san earnáil talmhaíochta a chruthú ar son pobail thuaithe agus seirbhísí pobail atá againn. Anuas air sin, níor mhór smaoineamh go cúramach ar úsáid inmharthana ár n-acmhainní nádúrtha idir fhoraiseacha agus iomlán cúltacaí (claiseanna gainimh agus gairbhéil) chun fás cothrom a bhaint amach agus an comhshaol nádúrtha a chosaint san am gcéanna go háirithe cáilíocht uisce agus bithéagsúlacht. Chun tuilleadh eolais a fháil féach Caibidil 9 Forbairt Eacnamaíoch & Turasóireachta agus Caibidil 10 Turasóireacht & Caitheamh Aimsire lasmuigh.

Sa chaibidil seo leagtar síos na polasaithe a bhfuil gá leo chun *leanúint* den bhforbairt tuaithe i gContae Chiarraí ar bhonn a chloífidh le treoir, straitéis agus polasaí ag leibhéal Náisiúnta agus Réigiúnach is iad bunaithe ar na prionsabail tábhachtacha mar a leanas:

1. Mar an gcéad tosaíocht beidh úsáid áirithe talún ar son riachtanais na gníomhaíochta talmhaíochta.

2. Díreofar ar thacú le pobail bheomhar tuaithe bunaithe ar ghréasán lonnaíochtaí sráidbhailte tuaithe mar ábhar i ngach aon téama sa Phlean seo.

3. Buntáiste tábhachtach náisiúnta agus idirnáisiúnta is ea an tuath i gCiarraí ó thaobh turasóireacht agus oidhreachta de, dá bhrí sin caithfear na buntáistí comhshaoil a chosaint.

4. Spreagadh agus tacaíocht maidir le hathbhunú agus athchóiriú na bhfoirgneamh atá cheana féin sna ceantair thuaithe.

5. Ní mór aistriú go dtí pobal a bheidh íseal maidir le carbón agus teacht aniar ann i gcúrsaí aeráide, chuige sin caithfear smaoineamh ar phatrún spásúil forbartha a dhíreoidh ar deireadh a chur le turais nach mbíonn gá leo , úsáid éifeachtach acmhainní agus deiseanna chun seirbhísí poiblí comónta agus lárnach a sholáthar.

Is gá cóimheá a chruthú idir soláthar tithíochta sna bailte, sráidbhailte agus an tuath ionas nach mbaintear den inmharthaineacht fadtéarmach mar ní féidir an bonn a bhaint de na háiseanna áitiúla pobail atá cheana féin ann. Ar an gcuma san ligfear do phatrúin inmharthana taistil a choimeádfar agus a fheabhsófar sa todhchaí.

5.2 Comhthéacs Polasaí

5.2.1 Polasaí Náisiúnta

Creat Náisiúnta Pleanála

Aithníonn an Creat Náisiúnta Pleanála (NPF) an t-ionchur ó na ceantair thuaithe maidir le forbairt na tíre idir eacnamaioch, sóisialta agus cultúrtha. Iarrtar ar phobail na tuaithe a neartú, ceangailteacht a fheabhsú, agus plé le meath trí dhíriú ar mhianach na mbailte agus sráidbhailte beaga ó thaobh athnuachan agus forbairt de. Sa doiciméad aithnítear nasc idir an éagothraime spásúil a leanann tithe aonair agus an tionchar a imrítear ar mheath na lonnaíochtaí an-bheaga agus leibhéal na seirbhísí a bhíonn ar fáil. Dá bhrí sin beidh béim láidir ar athbheochan bailte agus sráidbhailte maraon le tithíocht áitiúil agus fás na fostaíochta. D'fhorbair an NPF cur chuige bunaithe ar fhianaise chun na ceantair thuaithe mar a bhfuil brú forbartha a aithint, cuimsítear sainmhíniú ar an gceantar uirbeach nó crios comaitéireachta thart ar chathair nó baile mór. Má bhíonn ceantar tuaithe laistigh de chrios comaitéireachta baile Tábhachtach, Réigiúnach nó Ceantair meastar iad siúd a bheith faoi thionchar uirbeach. Pléifear le hiarratais ar thithe tuaithe sna láithreacha úd i gcomhthéacs gá eacnamaíoch agus/nó sóisialta, critéir suímh agus deartha maraon le hinmharthanacht na mbailte beaga agus lonnaíochtaí tuaithe.

Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann – Beartas Forbartha Tuaithe na hÉireann 2021-2025

Is é 'Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann: Beartas Forbartha Tuaithe na hÉireann 2021-2025' plean an Rialtais d'fhorbairt na tuaithe in Éirinn go ceann na gcúig bliana atá romhainn. Moltar beocht a chur sa tuath in Éirinn idir bhailte is sráidbhailte trí obair sa bhaile/mheasctha, athnuachan bailte is sráidbhailte, plé leis an bpobal agus seirbhísí is bonneagar a neartú.

Don bhforbairt tuaithe molann an Polasaí cur chuige iomlánaíoch, bunaithe ar an láthair a spreagfaidh is a thacóidh le pobail na tuaithe chun pleananna iomlán comhtháite a fhorbairt don cheantar de réir gá. Is léir nach n-oiriúnóidh an t-aon réiteach amháin do gach aon cheantar. Cabhróidh an polasaí le geilleagar tuaithe is iad ag teacht chucu féin tar éis pandéim COVID-19 agus bainfear leas as deiseanna maidir le ceangailteacht digiteach, athbhunú lár bailte, neart agus ceannaireacht na bpobal áitiúla maraon le trasnú go dtí pobal neodrach aeráide.

Tá sé mar pholasaí sa straitéis seo:

- Infheistiú suntasach a dhéanamh i mbonneagar obair sa bhaile chun deis a thabhairt do dhaoine fanacht ina gceantair thuaithe féin is iad fós ag leanúint a gcuid uaillmhianta maidir lena slí beatha.
- Infheistiú a dhéanamh i mbailte agus sráidbhailte mar mhoil ghníomhaíochtaí idir eacnamaíoch agus sóisialta

- Claochló a chur ar an deis éagsúlachta sna geilleagair thuaithe trí leathanbhanda ardluais a sholáthar don tír ar fad
- Cur chuige bunaithe ar láithreacha a ghlacadh maidir le forbairt na tuaithe chun freastal ar riachtanais ceantair éagsúla ar bhonn iomlánaíoch agus an leas is fearr a bhaint as sna ceantair úd
- Infheistíocht a dhéanamh sna pobail tuaithe agus freagraí a dhearadh is a sholáthar chun déileail leis an ngá áitiúil
- An dream óg a bhreith isteach sna ceantair thuaithe nuair a phléitear ceisteanna a bhaineann leo féin agus leis an dtodhchaí atá i ndán dóibh

Tacaítear sa Phlean Forbartha leis na polasaithe agus cuspóirí atá sa doiciméad polasaí seo.

5.2.2 Polasaí Réigiúnach

Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (RSES)

Aithníonn an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (RSES) go gcaithfear cothromaíocht a fháil idir éileamh a thagann ó cheantair uirbeacha agus fás inmharthana pobail agus geilleagar a chinntiú. Leagann an Straitéis béim ar na leibhéil suntasacha fáis a tharla sna ceantair thuaithe atá gar do lonnaíochtaí uirbeacha agus an gá atá le leibhéal fáis a bhainstiú ar na láithreacha úd. Aithnítear gur rogha ciallmhar a bheadh sa tacaíocht don bhfás tithíochta agus daonra seachas tithe aonair a thógaint faoin dtuath. Deimhnítear an méid sin sa chuspóir polasaí a thacaíonn leis an dtionscadal 'Tithe Nua sna Bailte agus Sráidbhailte Beaga' a lorgaíonn deiseanna a chruthú do dhaoine lena dtithe féin a thógaint laistigh de rian coise na lonnaíochtaí atá cheana féin ann.

5.2.3 Forbairt na Tuaithe agus Athrú Aeráide

Chun cothromaíocht a bhaint amach maidir le tacú le pobail tuaithe agus an tuath a chosaint, ní mór smaoineamh ar an dtionchar a bhíonn ag an bpatrún forbartha a bhaineann le tithe aonair a thógtar i gceantair uirbeacha ar an aeráid agus an timpeallacht. Agus sinn ag iarraidh troid i gcoinne na héifeachtaí athrú aeráide, caithfidh na patrúin fhorbartha amach anseo díriú ar an lorg carbóin a laghdú, an comhshaol a chosaint agus slite maireachtála inmharthana a chur chun cinn.

5.3 Pleanáil do Cheantair Thuaithe idir Fhás agus Forbairt sa Todhchaí

Tá mórán samplaí difriúla agus mórán saghsanna de phobail tuaithe sna sráidbhailte ar fud na tíre mar gheall ar scála, inrochtaineacht agus tionchar na gceantair uirbeacha in aice láimhe maraon le teacht ar bhonneagar agus seirbhísí. Mar gheall ar an láthair (agus foirmeallacht) bíonn réigiúin áirithe ag brath go mór ar thurasóireacht agus talmhaíocht is mianach aitheantais acu dá réir sin.

Bíonn na pobail tuaithe, go háirithe iad siúd a dheineann feirmeoireacht, ag oibriú mar chaomhnóirí tírdhreach trí bhainistiú ar thalamh fheirmeoireachta a dhéanamh ar scálaí difriúla. Is fíor, áfach, go léiríonn inmharthanacht mórán gabháltas go mbíonn beagán os cionn a leath (52.5%) na gclann feirmeoireachta ar bhonn náisiúnta ag brath ar fhostaíocht eile, is an-chuid de sin ag díriú ar lonnaíochtaí uirbeacha[1].

Go hintreach bíonn sráidbhailte agus lonnaíochtaí beaga ceangailte le limistéir thuaithe, soláthraítear pointe lárnach agus ionad do sheirbhísí agus áiseanna. Is fíor, áfach, nár bhog mórán lonnaíochtaí ar aghaidh le tamall de bhlianta agus gur cailleadh daonra, seirbhísí agus áiseanna.
Baineann sé seo le cúiseanna áirithe mar an daonra feirme tuaithe a bheith ag brath ar na hionaid mhóra uirbeacha don ioncam seachas ón bhfeirmeoireacht maraon le baill teaghlaigh ó fheirmeacha beaga a thóg tigh ar thalamh a muintire a bheith fostaithe i gceantair uirbeacha.

Úinéireacht talún is mó atá mar bhonn seachas na lonnaíochtaí is dá bhrí sin bítear ag brath go mór ar chárranna amuigh faoin dtuath. Baintear leas as seirbhísí agus áiseanna sna hionaid mhóra uirbeacha go

[1] Suirbhé Feirme Náisiúnta Teagaisc 2019

mórmhór i gcomhthéacs comaitéireacht don obair seachas fostaíocht sna sráidbhailte agus lonnaíochtaí beaga.

Is fíor, áfach, go bhfeictear cultúr láidir fiontraíochta, beocht sóisialta agus teacht aniar sna pobail tuaithe. Go háirithe forbraítear micreaghnóthaí, gnóthaí beaga agus meánacha (MSMEs) a bhíonn tábhachtach ins na bailte beaga agus sráidbhailte. Bíonn mianach suntasach sna hearnála úd faoin dtuath, mar shampla naisc digiteacha agus deiseanna ar obair sa bhaile. Tagann fás ar chúrsaí mar theicneolaíocht na talmhaíochta, ICT, na hilmheáin agus cruthaitheacht, turasóireacht, maraon le bith-gheilleagar agus geilleagar ciorclach. Sa Phlean Náisiunta Leathanbhanda tá deiseanna gan réamhshampla do ghnóthaí tuaithe chun plé le seirbhísí agus margaí nua as seo amach.

Ag tacú leis an bpatrún iomlán forbraíochta sna ceantair thuaithe, iarrann an Plean seo ar limistéir atá faoi thionchar láidir uirbeach a chosaint ón bhforbairt ró-mhór mharthanach mar caithfear mianach sa bhforbairt eacnamaíoch a spreagadh mar a luaitaear anso thuas chun cur le fás daonra sna bailte tuaithe agus sráidbhailte. (Féach Caibidil 9 Forbairt Eacnamaíoch agus cuspóirí KCDP 5-11 go KCDP 5-13)

Pleanáil don bhFás agus Forbairt ar Cheantair Thuaithe Tá sé mar aidhm ag an gComhairle:	
KCDP 5-1	Forbairt geilleagar na tuaithe a éascú trí thacú le hearnáil bhia a bheidh inmharthana agus éifeachtach maidir le talmhaíocht agus cúrsaí bia, foraoiseacht, iascaireacht agus dobharshaothrú, fuinneamh agus na tionscail eastóscacha, an bith-gheilleagar agus malartú isteach i ngníomhaíochtaí ar an bhfeirm agus eile, leas a bhaint as teicneolaíocht agus deiseanna ar obair sa bhaile ach san am gcéanna níor mhór an tírdhreach nádúrtha agus ailtireacht tógtha a choimeád mar atá agus a chosaint mar baineann siad siúd go mór le turasóireacht na tuaithe.
KCDP 5-2	Mórtas ceantair agus cultúr a chosant is a chur chun cinn mar cuireann cáilíocht, carachtar agus éagsúlacht tírdhreach na tuaithe go mór le Ciarraí a bheith ina láthair tarraingteach idir cónaí, saothar agus cuairt a thabhairt.
KCDP 5-3	Tacú leis na tionscadail agus polasaí atá in “Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann: Beartas Forbartha Tuaithe 2021-2025' chun gníomhaíocht sa gheilleagar agus fostaíocht sna ceantair thuaithe a neartú ar bhonn inmharthana.
KCDP 5-4	A chinntiú go gcloífidh tithíocht faoin dtuath amach anseo leis na Treoracha do Thithíocht Inmharthana faoin dTuath do na hÚdaráis Phleanála 2005 (DoEHLG), ciorclán PL2/2017, An Creat Náisiúnta Pleanála (NPO 15 & 19) agus an Treoir Bainistíocht Fhorbartha atá sa Phlean seo.
KCDP 5-5	Bainistíocht chúramach inmharthana a chinntiú do na ceantair thuaithe chun casadh i dtreo athrú aeráide agus a thionchar siúd a laghdú.
KCDP 5-6	Luach na talún don talmhaíocht a aithint is a chur chun cinn chun soláthar bia inmharthana a chinntiú agus luach an cheantair thuaithe a choimeád sa tsiúl ó thaobh tírdhreach de.
KCDP 5-7	Cuspóirí agus gnímh “Tithíocht do Chách, Plean Tithíochta Nua d’Éirinn” a éascú agus tacú leo maidir le tionscadail pholasaí don tithíocht faoin dtuath.

5.4 Forbairtí Braislí i Lonnaíochtaí agus Sráidbhailte

Feidhmíonn bailte agus sráidbhailte mar phointí lárnacha a spreagann an dúthaigh máguaird trí fheidhmeanna seanbhunaithe idir eacnamaíocht, riarachán agus cúrsaí sóisialta. Tacaíonn siad le mórán seirbhísí, glactar páirt sa bhfostaíocht agus is moil iompair iad sa phobal leathan atá thart orthu. Is fíor, áfach, go mbíonn dúshlán ann maidir le seirbhísí pobail agus áiseanna sóisialta a choimeád is a fhorbairt mar gheall ar dhaonra gan athrú nó laghdú daonra maraon le forbairt ar thithe aonair lasmuigh de na lonnaíochtaí le déanaí.

Mar thoradh ar na patrúin lonnnaíochtaí a bheith ag athrú, bíonn easpa foirgníochta go minic sna bailte agus sráidbhailte, dá dheasca san bíonn laghdú ar an mbeocht stairiúil agus an saol bríomhar gnóthach mar a bhíodh tráth. Tá sé ríthábhachtach go n-athúsáidtear is go ndéantar athbheochan ar na foirgintí úd chun cur le cumas agus mianach na mbailte beaga agus sráidbhailte, nuair is féidir d'fhéadfaí plé leis an easpa foirgníochta sna suímh thréigthe chun plé leis an gceist seo.

Chun tacú leis an gcuspóir úd anois, i Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha Chomhairle Contae Chiarraí 2017 laghdaítear na táillí ar son áitribh fholmha a athúsáid agus laghdaítear freisin táillí páirceála (féach Caibidil 4 – Bailte, Sráidbhailte agus Forbairt Mhiondíola). Tacóidh an Chomhairle le fás agus dearadh oiriúnach na bhforbairtí sna bailte agus sráidbhailte faoin dtuath, pléifear leis an ríocht phoiblí, soláthrófar áiseanna, gheofar suímh agus beidh soláthar seirbhísí ar fáil. Bíonn deiseanna ann tacú lena leithéid d'fhorbairt chónaithe sna bailte tuaithe agus sráidbhailte trí spás oscailte nó clóis súgartha a sholáthar, suímh lárnacha a aimsiú agus/nó cúltailte don bhforbairt chónaithe agus seirbhísí mar chóireáil fuíolluisce.

Tá sé mar pholasaí ag Comhairle Contae Chiarraí na bailte is sráidbhailte a neartú is éagsúlacht a bhreith isteach iontu maidir le tithíocht áitiúil. Cinnteoidh an Chomhairle scála, dearadh agus leagan amach na tithíochta maidir le nádúr, scála agus dlús an bhaile nó sráidbhaile.

Anuas air sin éascóidh an Chomhairle saothar Uisce Éireann agus páirtithe leasmhara eile chun infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt inmharthana uisce, fuíolluisce agus bonneagar eile chun ligean do shráidbhailte beaga dul chun cinn agus iad ag tacú leis an dtuath.

Tá sé mar pholasaí ag an gComhairle daoine a spreagadh chun cónaí faoin dtuath i sráidbhailte nó lonnaíochtaí má bhíonn seirbhísí ar fáil. Mar athrú ar thithe aonair, tá sé mar chuspóir sa phlean seo ligean do bhraislí tithíochta ag a mbeidh córais aonair um chóireáil fhuíolluisce sna sráidbhailte beaga agus lonnaíochtaí a luaitear i dTábla 5.1 san áit nach bhfuil aon bhonneagar fuíolluisce ná na pleananna chuige sin. Mar straitéis do na braislí úd sna lonnaíochtaí éascófar líon beag tithe breise agus/nó fiontair bheaga a dhaingneoidh an patrún forbartha atá cheana féin ann sna pointí lárnacha agus bainfear leas as na seirbhísí atá sa cheantar cheana féin.

An Bóthar Buí	Dún Chaoin
An Chillín Liath	Fionnúig
An Gleann	Gleann Chárthaigh
Eas Daoi	Inse
Áth an Chaisle	Na Cealla
Baile na nGall	Cill Gobnait
Lios an Phúca	Cill Mhaoile
An Bunán	Cnoc an Óir
Baile na Buailtíní	An Láithreach
An Campa	Lios Eiltín
An Siopa Dubh	Ladhair an Chrompáin
An Caol	Scairteach an Ghlinne

An Cloichear	An Sráidbhaile
Cordal	Tathuile
An Cromán	An Teampall Nua
Na Coirríní	An Spá
Corra	Tua Ó Siosta
An Fhaiche	Gleann Fleisce
Béal Átha Fionnáin	Lios na gCeann

Tábla 5.1: Lonnaíochtaí mar a bhféadfaí smaoineamh ar bhraislí ag a mbeadh córais aonair cóireála

Éascóidh agus tacóidh an Chomhairle páirtithe leasmhara agus dreamanna gaolmhara chun tionscnamh "*Tithe Nua i mBailte Beaga agus Sráidbhailte*" a bhunú sa chontae mar a míníodh san NPF agus RSES. Sa scéim seo a bhaineann le hUisce Éireann, iarrfaidh pobail agus páirtithe leasmhara seirbhísí agus suímh a sholáthar chun deiseanna "tóg do thigh fhéin" a chruthú laistigh den phatrún lonnaíochtaí tuaithe atá cheana féin ann.

Forbairtí Braislí i Lonnaíochtaí
Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

KCDP 5-8 Páirtithe leasmhara agus dreamanna gaolmhara a éascú agus tacú leo chun clár a fhorbairt ar a dtabharfar 'tithe nua i mbailte beaga agus sráidbhailte' i dteannta áisínteachtaí bonneagar poiblí mar Uisce Éireann agus pobail áitiúla chun suímh is seirbhísí a sholáthar. Beidh an bonneagar cuí ann chun daoine a mhealladh chun a dtigh féin a thógaint agus maireachtaint i mbailte beaga nó sráidbhailte.

KCDP 5-9 Forbairtí braislí cónaithe ar scála íseal a éascú i sráidbhailte agus lonnaíochtaí beaga a liostáiltear i dtábla 5.1 ag a mbeidh córais aonair cóireála fuíolluisce ar an suíomh, seo in áiteanna mar nach mbeidh scéim chaipitiúil fuíolluisce á soláthar. Beidh dearadh, leagan amach agus scála an bhraisle cónaithe ag teacht le scála agus leagan amach an lonnaíocht mar atá faoi láthair.

KCDP 5-10 Tacú le Clár Fáis Uisce Éireann (STVGP) do bhailte beaga agus sráidbhailte 2020-2024, a chuirfidh cumas fáis uisce agus fuíolluisce san lonnaíochtaí beaga.

KCDP 5-11 Treoirlínte a fhorbairt is a fhoilsiú do na forbairtí braislí tithíochta laistigh den lorg atá cheana féin ann de shráidbhailte agus lonnaíochtaí beaga.

5.5 Tithíocht na Tuaithe

Ar an mórgóir Contae tuaithe is ea Ciarraí mar a bhfuil 54.6% den daonra taifeadta i ndaonáireamh 2016 ag maireachtaint amuigh faoin dtuath (i.e. lasmuigh de Bhailte Lárnacha, Bailte Réigiúnacha, Bailte Ceantair & Sráidbhailte). Is é 30% an figiúr náisiúnta i.e. lasmuigh de chathracha, bailte agus sráidbhailte). Is fíor, áfach, gur acmhainn teoranta is ea an tuath ach í mar bhuntáiste luachmhar (seachas cathracha, bailte agus sráidbhailte). Tá sé ríthábhachtach an bua seo a chosaint is a fheabhsú.

Bunaithe ar na rollaí GeoEolaire idir 2015 agus 2020, cuireadh 1,840 seoladh nua leis an rolla. Astu siúd tharla 1,079 (59%) lasmuigh de cheantair uirbeacha an Chontae agus san áireamh bhí tithíocht phríobháideach i mBailte beaga agus Sráidbhailte. Mar chomparáid tharla líon suntasach tithíocht shóisialta laistigh de bhailte agus sráidbhailte (tógaint díreach nó mar eochróirí).

Cuireann an patrún forbartha úd le heaspa cothromaíocht agus laghdú daonra sna lonnaíochtaí beaga. Dá thoradh san dúntar seirbhísí tábhachtacha, mar gheall ar shlí le laghdú daonra agus ioncaim a fhágann saoránaigh nach bhfuil go maith as gan teacht ar na seirbhísí úd.

Chun déileáil leis an éagothroime sóisialta-eacnamaíoch inár lonnaíochtaí, chun seirbhísí atá ann agus cinn nua a bhunú is a choimeád, spleáchas ar charranna a laghdú agus cloí le dualgais an Chontae maidir le hathrú aeráide, caithfear teacht ar chóimheá idir an gá eacnamaíoch is sóisialta a bhíonn le cónaí amuigh faoin dtuath agus a chinntiú go n-éascaítear is go spreagtar éileamh eile tithíochta laistigh de Bhailte agus Sráidbhailte.

Baineann an polasaí tithíochta faoin dtuath sa Dréachtphlean seo le treoir ón bpolasaí náisiúnta agus réigiúnach.

Tá sé mar pholasaí ag an gComhairle:

- Cur go mór le beocht agus inmharthanacht na mbailte tuaithe agus sraidbhailte, a ról mar ionaid soláthar seirbhísí a neartú maraon le húsáid an phobail agus seirbhísí a chosaint sna sráidbhailte
- Bonn seasmhach daonra a choimeád sna ceantair thuaithe maraon le gréasán láidir ionaid seirbhísí tuaithe a choimeád i sráidbhailte agus bailte beaga
- Forbairtí braislí a sholáthar laistigh de shráidbhailte (beaga) ar dhlús a fhreagraíonn don lorg atá cheana féin sa lonnaíocht
- Tírdhreach, ceantair leochaileach agus limistéir eile a chosaint ó fhorbairt ná beadh ar bhonn inmharthana

Tá sé mar pholasaí ag an gComhairle a chinntiú go gcloíonn tithíocht sa todhchaí leis na doiciméid Polasaí Náisiúnta ar fad agus san áireamh bíonn An Creat Náisiunta Pleanála (NPO 15 & 19), na Treoracha do Thithíocht Inmharthana do na hÚdaráis Phleanála 2005 (DoEHLG), RSES agus Ciorclán PL 2/2017. Déanfar é seo trí bhéim a chur ar an méid seo a leanas:

(a) A chinntiú go mbíonn gá fírinneach eacnamaíoch nó sóisialta leis an áitreabh buan
(b) Tús áite a thabhairt do rátaí folúis a laghdú sna Ceantair Thuaithe ar fad seachas d'fhorbairtí nua cónaithe
(c) Athchóiriú nó maolú don úsáid cónaithe a chur ar struchtúir atá cheana féin sna ceantair thuaithe
(d) Spreagadh a thabhairt dóibh siúd ar mhaith leo cónaí faoin dtuath nó I sráidbhailte nó lonaíochtaí beaga sráidbhailte má bhíonn seirbhísí ar fáil.

5.5.1 Saghsanna Ceantair Thuaithe a aithint

Ullmhaíodh an léarscáil Ceantair Thuaithe de réir na *dTreoirlínte nua um Thithíocht Tuaithe Inbhuanaithe* (2005) a luann go bhfuil sé ríthábhachtach próiseas taighde agus anailís a dhéanamh ar dhaonra agus claonta forbartha sna ceantair thuaithe.

San anailís baineadh leas as Daonra, Tithíocht, Fostaíocht agus Patrúin Chomaitéireachta ón nDaonáireamh agus rinneadh comparáid le blianta eile chun a t-athrú a mheas. Tharla sé sin ag Leibhéal Toghchánach (ED) agus úsáideadh na cealla greille 1km² foilsithe ag an CSO. Úsáideadh na cealla 1km² chun pictiúr soiléir a fháil ar dháileadh spásúil an daonra ar fud an chontae. Cuireadh na staitisticí le chéile chun scór iomlán a thabhairt do gach aon cheantar, cuireadh na scóir i ngrúpaí chun go mbeadh an saghas ceantair le tuiscint gan dua. Sa chás seo, tá daonra agus leibhéal comaitéireachta ríthábhachtach de réir an méadú ar mheácan.

De réir anailís ar shonraí dá leithéid aithnítear na saghsanna difriúla ceantair thuaithe. Ón anailís a rinneadh, is féidir tionchar mór uirbeach, tionchar uirbeach agus limistéir eile a aithint agus tá na torthaí ar fáil ar Léarscáil 6.1.

5.5.1.1 Ceantair Thuaithe faoi Thionchar Suntasach Uirbeach

Seo ceantair a léiríonn tréithe mar ghiorracht do láithreacha agus ceantair chomaitéireachta na mbailte móra agus sráidbhailte agus daonra ag dul in airde. Sin fianaise go bhfuil brú ar fhorbairt tithíochta toisc a ngiorracht do cheantair uirbeacha, nó do dhorchlaí móra iompair a bhfuil teacht acu go héasca ar an gceantar uirbeach agus brú ar bhonneagar mar an gréasán áitiúil bóithre.

Sna ceantair úd freisin tá na lonnaíochtaí seo a leanas mar a bhfuil tailte zónáilte nó mar arbh fhéidir forbairtí braislí a éascú de réir cuspóir 6-8.

• Ard Fearta • Baile an Bhuinneánaigh • Barra Dubh • Cathair Uí Mhóráin • Cathair Saidhbhín • Oileán Chiarraí • Caisleán na Mainge • Dingle / Daingean Uí Chúis • An Fhianait • Na Foidhrí • An Fosadh • An Neidín • Cill Airne • Cill Orglan • Lios Tuathail • Baile an Mhuilinn • An Ráth Mhór • Trá Lí	Lonnaíocht mar a bhfuil saghas éigin cóireáil fuíolluisce
• Lios an Phúca • Corra • Cill Chuimín • An Spá • Áth Cinn	Lonnaíocht mar nach bhfuil aon saghas cóireáil fuíolluisce

Tábla 5.2: Lonnaíochtaí i gCeantair Thuaithe atá faoi Thionchar Suntasach Uirbeach

5.5.1.2 Ceantair Thuaithe faoi Thionchar Uirbeach

Sna ceantair úd bíonn leibhéil daonra cuíosach seasta laistigh de struchtúr baile agus sráidbhaile a bhíonn forbartha go maith agus freisin ins na ceantair thuaithe atá thart orthu. Tacaítear leis an mbuanseasmhacht trí bhonn láidir traidisiúnta tuaithe/eacnamaíoch talmhaíochta. Is é an dúshlán is mó sna ceantair úd ná cothromaíocht réasúnta a choimeád idir gníomhaíocht fhorbartha sa ghréasán mór leathan bailte beaga agus sráidbhailte agus na moltaí tithíochta sna limistéir leithne tuaithe.

Sna ceantair úd freisin tá na lonnaíochtaí seo a leanas mar a bhfuil tailte zónáilte nó mar arbh fhéidir forbairtí braislí a éascú de réir Cuspóir 5-8.

• Mainistir Ó dTorna • An Fheothanach • An Mhuiríoch • Abhainn an Scáil • Baile an Fheirtéaraigh • Baile an Sceilg • Baile na nGall • Baile Dubh • Baile Uí Thaidhg • Dubháth • Dún Géagáin • An Fearann Fuar • Gleann Beithe • Gníomh go Leith • Cill Flainn • Cill Gharbháin • Baile an Ridire • Cnoc na gCaiseal	Lonnaíocht mar a bhfuil saghas éigin cóireáil fuíolluisce

• Béal Átha Longfort • Brosna • Caisleán Ghriaire • An Tóchar • Ceann Trá • An Clochán	• Leic Snámha • Móin an Bháin • An Caladh • An tSnaidhm • Tairbeart • An Coireán	
• An Bóthar Buí • Eas Daoi • Áth an Chaisle • An Bunán • Na Buailtíní • An Campa • Cé Bhréannain • An Caol • An Cloichear • Cordal • Na Coirríní • Dún Chaoin • Fionúig	• Gleann Chárthaigh • Inse • Cuan na gCeall • Cill Gobnait • Cill Mhaoile • Cnoc an Óir • Lios Póil • Lios Eiltín • Scairteach an Ghlinne • An Sráidbhaile • An Teampall Nua • Tua Ó Siosta • Gleann Fleisce • An Fhaiche • Beal Átha Fionnáin	Lonnaíocht mar nach bhfuil aon saghas cóireáil fuíolluisce

Tábla 5.3: Lonnaíochtaí i gCeantair Thuaithe atá faoi Thionchar Uirbeach

5.5.1.3. Ceantair Eile Tuaithe

I gcuid de na limistéir seo bíonn dlús íseal daonra agus iad scoite amach mar gheall ar a suíomh agus dinnseanchas. Sna limistéir chéanna bíonn dúshlán rompu ag iarraidh stop a chur leis an dtitim daonra agus seo fadhb a bhaineann le sráidbhailte agus ceantair thuaithe araon.

Sna ceantair úd freisin tá na lonnaíochtaí seo a leanas mar a bhfuil tailte zónáilte nó mar arbh fhéidir forbairtí braislí a éascú trí chuspóir 5-8.

• An Chillín Liath • An Gleann • Cathair Dónall • An Siopa Dubh • An Cromán • An Láithreach • Ladhair an Chrompáin • Tathuile	Lonnaíocht mar nach bhfuil aon saghas cóireáil fuíolluisce

Tábla 5.4: Lonnaíochtaí i gCeantair eile Tuaithe



Léarscáil 5.1: Saghsanna Ceantar Tuaithe

5.5.2 Polasaí Lonnaíochta Tuaithe

Baineann na Cuspóirí seo a leanas leis na trí chineál saghsanna tuaithe:

Polasaí Lonnaíochta
Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

KCDP 5-12 **I gCeantair Thuaithe atá faoi Thionchar Suntasach Uirbeach** caithfidh iarrthóirí an tÚdarás Pleanála a shásamh go gciallaíonn an moladh atá go bhfuil gá eisceachtúil tithíocht thuaithe acu bunaithe ar naisc shóisialta agus/nó eacnamaíoch le ceantar áirithe, agus maidir leis seo, go gcaithfear a léiriú go ngéilleann siad do cheann amháin de na catagóirí seo a leanas maidir le gá tithíochta:

a) Feirmeoirí, san áireamh mic agus iníonacha nó nia/neacht nuair nach bhfuil muirear ar an bhfeirmeoir ar mhaith leo a gcéad baile a thógaint mar áitreabh buan ar fheirm a mhuintire

b) Daoine a ghlacann úinéireacht agus stiúradh feirm ar bhonn lánaimseartha, ar mhaith leo a gcéad bhaile a thógaint ar an bhfeirm mar sheilbh bhuan, nuair nach bhfuil aon áitreabh eile ar fáil dóibh fhéin. Ní mór don áitreabh molta a bheith bainteach le saothar agus bainistíocht ghníomhach na feirme

c) Daoine eile a oibríonn go lánaimseartha ar an bhfeirmeoireacht ar feadh tréimhse os cionn seacht mbliana sa cheantar áitiúil mar a mbíonn siad ag obair agus é ar intinn acu a gcéad bhaile a thógaint chun cónaí ann go buan

d) Úinéirí talún, san áireamh tá mic agus iníonacha atá ag iarraidh a gcead bhaile a thógaint mar áitreabh buan ar an ngabháltas a bhaineann lena bpríomh thigh

teaghlaigh le deich mbliana ar a laghad roimh dháta an iarratais phleanála

e) Daoine a chaith tréimhse fada dá saol (i.e. os cionn seacht mbliana) ina gcónaí sa cheantar tuaithe inar mhian leo a gcéad tigh a thógaint chun cónaí ann go buan

Beidh tús áite ag athchóiriú/athnuachan/athrú/síneadh le háitreabh atá cheana féin ann ar an ngabháltas sula smaoinítear ar thigh nua a thógaint.

KCDP 5-13 **I gCeantair Thuaithe atá faoi Thionchar Suntasach Uirbeach** caithfidh iarrthóirí an tÚdarás Pleanála a shásamh go gciallaíonn an moladh go bhfuil gá eisceachtúil tithíocht thuaithe acu bunaithe ar naisc shóisialta agus/nó eacnamaíoch le ceantar áirithe, agus maidir leis seo, go gcaithfear a léiriú go ngéilleann siad do cheann amháin de na catagóirí seo a leanas maidir le gá tithíochta:

a) Feirmeoirí, san áireamh mic agus iníonacha nó nia/neacht muna bhfuil muirear ar an bhfeirmeoir ar mhaith leo a gcéad baile a thógaint mar áitreabh buan ar fheirm a mhuintire

b) Daoine a ghlacann úinéireacht agus stiúradh feirm ar bhonn lánaimseartha, ar mhaith leo a gcéad bhaile a thógaint ar an bhfeirm mar sheilbh bhuan, nuair nach bhfuil aon áitreabh eile ar fáil dóibh fhéin. Ní mór don áitreabh molta a bheith bainteach le saothar agus bainistíocht ghníomhach na feirme

c) Daoine eile a oibríonn go lánaimseartha ar an bhfeirmeoireacht ar feadh tréimhse os cionn seacht mbliana sa cheantar áitiúil mar a mbíonn siad ag obair agus é ar intinn acu a gcéad bhaile a thógaint chun cónaí ann go buan

d) Úinéirí talún, san áireamh tá mic agus iníonacha atá ag iarraidh a gcead bhaile a thógaint mar áitreabh buan ar an ngabháltas a bhaineann lena bpríomh thigh teaghlaigh le deich mbliana ar a laghad roimh dháta an iarratais phleanála

e) Daoine a chaith tréimhse fada dá saol (i.e. os cionn seacht mbliana) ina gcónaí sa cheantar tuaithe inar mhian leo a gcéad tigh a thógaint chun cónaí ann go buan

Beidh tús áite ag athchóiriú/athnuachan/athrú/síneadh le háitreabh atá cheana féin ann ar an ngabháltas sula smaoinítear ar thigh nua a thógaint.

KCDP 5-14 **I gCeantair eile Tuaithe socraigh** éileamh ar fhorbairt chónaithe buan de réir mar a iarrtar faoi réir deachleachtas i gcúrsaí Pleanála mar dhearadh, suíomh, cóireáil fuíolluisce agus tírdhreach tábhachtach is ceantair leochaileacha comhshaoil a chosaint.

Beidh tús áite ag athchóiriú/athnuachan/athrú/síneadh le háitreabh atá cheana féin ann ar an ngabháltas sula smaoinítear ar thigh nua a thógaint.

5.5.2.1 Coinníoll Sealbhaithe agus Comhaontú Alt 47

Coinníoll Sealbhaithe: Gach aon chead a thugtar do thithíocht thuaithe beidh sé faoi réir coinníoll seilbhe a chuirfidh teorainn mar úsáid amháin ag an iarratasóir nó baill dá c(h)lann cóngarach mar áitreabh buan cónaithe go ceann seacht mbliana ó dháta na céad seilbhe.

Coinníoll Alt 47: I gceantair mar ar tharla leibhéil suntasach forbairtí tithíocht thuaithe ar imeall ceantar uirbeach sa chontae agus má mheasann an Chomhairle go bhfuil forbairt ró-mhór ar siúl féadfaidh an Chomhairle comhaontú a lorg faoi Alt 47 den Acht Pleanála má mheastar go bhfuil gá leis an bhforbairt sa cheantar a rialú.

Tithíocht Thuaithe
Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

KCDP 5-15	Monatóireacht a dhéanamh ar na claonta i dtithíocht na tuaithe agus daonra le linn tréimhse an phlean chun a fháil amach an bhfuil freagraí eile de dhíth le linn tréimhse an phlean.
KCDP 5-16	Smaoineamh go fábharach ar fhorbairt inmharthana na láithreacha buan cónaithe ar shuímh fholmha laistigh d'fhorbairtí nár críochnaíodh más rud é go mbíonn na seirbhísí críochnaithe agus an t-údarás áitiúil sásta leo.
KCDP 5-17	A chinntiú nach gcuirfidh an soláthar tithíocht na tuaithe isteach ar an dtírdhreach, oidhreacht nádúrtha agus tógtha, buntáistí eacnamaíoch agus comhshaol an chontae.
KCDP 5-18	A chinntiú go mbíonn forbairt chónaithe is ceadaithe i gceantair thuaithe in úsáid mar phríomháitreabh cónaithe agus faoi réir an Chlásal Seilbhe go ceann 7 mbliana.
KCDP 5-19	A chinntiú go ngéilleann gach aon fhorbairt do na gnáthchritéir normálta agus cúinsí um chosaint comhshaoil.
KCDP 5-20	A chinntiú go ngéilleann an dearadh tithíochta i gceantair thuaithe do na *Treoracha Deartha um thigh a thógaint faoin dTuath i gCiarraí 2009* nó aon uasdátú ar na treoracha céanna.

5.7 Tithe Saoire / Dara Thithe

Bíonn brú ar an gComhairle maidir le tithe saoire / dara tithe go mórmhór mar a mbionn tírdhreach atá leochaileach ó thaobh radharcra de. Ón nDaonáireamh 2016 is léir go sáraíonn an leibhéal tithe saoire i limistéir áirithe an daonra dúchasach áitiúil. Mar thoradh ar a leithéid de chás um thithe aonair tagann laghdú ar cháilíochtaí radharcra agus i gcásanna áirithe laghdaítear cáilíochtaí eiceolaíochta an tírdhreach céanna.



Léarscáil 5.2: Tithe Saoire mar % den Stoc Iomlán Tithíochta trí ED

Chun bonn a chur faoin bhforbairt inmharthana eacnamaíoch go fadtéarmach sa Chontae, go háirithe sna ceantair thuaithe, díreofar forbairtí saoire ar bhailte, sráidbhailte agus lonnaíochtaí beaga atá cheana féin ann chun an tionchar ar an dtírdhreach oscailte a laghdú. Níor mhór dona leithéid d'fhorbairt ómós a thabhairt don mbunús atá cheana féin ann idir scála agus dearadh. Níor mhór ligean don teacht ar bhonneagar, seirbhísí agus scála lonnaíochta atá cheana féin ann.

Tá sé mar pholasaí ag an gComhairle nach ligtear do bhailte aon uaire / dara bailte i gceantair thuaithe.

Dara Tithe/Tithe Saoire **Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:**	
KCDP 5-21	A chinntiú go lonnaítear tithe saoire/dara bailte i lonnaíochtaí seanbhunaithe i mbailte agus sráidbhailte seachas amuigh san tírdhreach thuaithe.

5.8 Athnuachan agus Athchóiriú ar Fhoirgnimh atá ann agus Foirgnimh Fholmha i gCeantair Thuaithe. (Féach freisin Caibidil 10 Turasóireacht agus Caitheamh Aimsire Allamuigh)

Gné lárnach i dtírdhreach thuaithe an Chontae is ea oidhreacht na dtithe agus foirgintí traidisiúnta, níor tugadh aon aird ar an-chuid díobh de bharr éileamh ar thithe nua, nó toisc ná bíodh gá leis na tithe cónaithe traidisiúnta nuair a tháinig athrú ar nósanna feirmeoireachta.
Ar son ailtireacht dúchasach agus oidhreacht thógtha an Chontae a choimeád, tabharfaidh an tÚdarás Pleanála tús áite do struchtúir atá cheana féin ann agus foirgnimh fholmha amuigh faoin dtuath lena n-úsáid mar thithe buan cónaithe.

Creideann an Chomhairle gur gné tábhachtach dúchasach inár n-oidhreacht is ea na tithe agus struchtúir eile traidisiúnta. Dá réir sin, tá sé mar pholasaí ag an gComhairle iad a choimeád agus a chaomhnú agus san am

gcéanna cur lena n-athchóiriú agus úsáid seachas tithe nua a thógaint ina n-áit. Glacfar leis nach leagfar áitribh agus struchtúir thraidisiúnta nuair atá an rogha ann iad a athnuachan nó a chur in oiriúint don úsáid.

Féadfar tigh nua a thógaint ar shuíomh tigh cónaithe atá cheana féin ann i gcás teoranta nuair nach mbíonn athnuachan ná athchóiriú oiriúnach faoi réir na gcleachtais chaomhnaithe is fearr.

Forálfar na cúinsí seo a leanas:

- Áras cónaithe so-aitheanta a bheidh in aon struchtúr a athchóirítear, beidh na fallaí agus an díon slán.
- Maidir le hathchóiriú agus síneadh, caithfidh scála agus cóiriú ailtireachta aon oibrithe molta a bheith ag teacht le carachtar an struchtúir a tógadh ar dtús agus an limistéir thart timpeall, san áireamh beidh aon fhorbairt a bheidh in aice láimhe.

Nuair is gá déanfar suirbhé ar ghnéithe cosanta chun measúnú a dhéanamh ar thionchar athchóiriú agus athnuachan ar na gnéithe céanna.

Smaoineoidh an tÚdarás Pleanála freisin ar athrú teoranta a chur ar chró lasmuigh a bhaineann le tithe tuaithe agus struchtúir eile oidhreachta don lóistín turasóireachta mar chuid dena leithéid d'áiseanna atá cheana féin ann, chaithfí gníomhú de réir cleachtas, polasaí agus cuspóirí an Phlean seo. Níor mhór measúnú a dhéanamh ar ghnéithe cosanta agus oiriúnacht an tsuímh a bhunú maidir le rochtain, páirceáil carranna agus fuíolluisce a chur de láimh maraon le suíomh agus conláistí an phríomhstruchtúir a choimeád.

Athnuachan agus Athchóiriú Foirgintí **Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:**	
KCDP 5-23	Luach speisialta na mbuanna luachmhara cultúrtha a fheabhsú, a thabhairt le chéile agus a chosaint idir fhisiciúil, sóisialta is eacnamaíoch trín úsáid a bheidh oiriúnach agus ciallmhar maidir leis an lá atá inniu ann agus na glúinte atá le teacht
KCDP 5-24	Iarracht a dhéanamh ar thithe dúchasacha nó traidisiúnta a chaomhnú mar chosaint ar na saghsanna éagsúla stoc tithíochta sa Chontae agus chun an oidhreacht ailtireachta tuaithe a choimeád.
KCDP 5-25	Leas a bhaint as an athúsáid áitribh thraidisiúnta gan a gcarachtar a chailliúint agus tacú le hiarratais ar athchóiriú leochaileach áitribh dúchasach nó traidisiúnta mar árais bhuan chónaithe.
KCDP 5-26	Athchóiriú agus oiriúnú leochaileach ar fhoirgintí tréighte idir dúchasach is traidisiúnta mar árais bhuan chónaithe.
KCDP 5-27	Athchóiriú agus athúsáid foirgintí traidisiúnta feirme laistigh de chlós feirme atá cheana féin ann ar son cóiríocht do thurasóirí nó aidhmeanna gaolmhara turasóireachta.
KCDP 5-28	Treoirlínte a fhorbairt is a fhoilsiú ar athnuachan agus athúsáid foirgintí feirme le linn tréimhse an phlean seo.
KCDP 5-29	Cuspóirí agus gnímh an phlean "Tithíocht do Chách, Plean Tithíochta Nua d'Éirinn" a chur chun cinn chun déileáil le folús agus úsáid éifeachtach an stoc tithíochta atá cheana féin ann chun plé le struchtúir fholmha nó tréigthe agus cuirfear foirgintí oidhreachta san áireamh.